Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# Fógra Príobháideachais – CCTV ag Calafort Chill Rónáin, Árainn

## Leagan Deiridh

**Faisnéis Faoin Doiciméad**

| | |
|---|---|
| **Teideal an Doiciméid** | Fógra Príobháideachais – CCTV ag Calafort Chill Rónáin, Árainn |
| **Úinéir** | Comhairle Chontae na Gaillimhe |
| **Údar(Údair)** | Enda Thompson |
| **Úsáideoirí** | Foireann Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus Saoránaigh |
| **Dáta** | 1 Feabhra 2022 |
| **Stádas** | Leagan Deiridh |
| **Leagan** | 1 |

Stair an Leagain

CCTV Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag Calafort Chill Rónáin -

| Leagan | Curtha i dToll a Chéile/Leasaithe Ag | Dáta | Cur síos |
|---|---|---|---|
| **1** | **ET** | **07/01/2022** | **Fógra Príobháideachais – CCTV ag Calafort Chill Rónáin, Árainn** |
| **2** | **ET** | **14/01/2022** | **Ráitis DPO san áireamh** |
| **3** | **ET** | **01/02/2022** | **Ráitis deiridh DPO san áireamh** |
| | | | |
| | | | |

CCTV Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag Calafort Chill Rónáin -

Is í Comhairle Chontae na Gaillimhe an t-údarás áitiúil do Chontae na Gaillimhe agus d'fhonn a feidhmeanna a chur i gcrích, éilítear ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe méid suntasach "Sonraí Pearsanta" a phróiseáil laistigh de bhrí na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 / 2003/2018 ("na hAchtanna") agus na rialachán Eorpach 2016/679 (GDPR). Tugann Comhairle Chontae na Gaillimhe aird ar chearta príobháideachais na ndaoine a ndéanaimid a gcuid Sonraí Pearsanta a phróiseáil agus tá sí ar an eolas maidir lena cuid oibleagáidí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí.

Tugtar míniú san Fhógra Príobháideachais seo maidir le mar a dhéanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe Sonraí Pearsanta a bhailiú trí na ceamaraí CCTV atá suite ag Calafort Chill Rónáin, Árainn

**Cén cineál Sonraí Pearsanta a bhaileofar agus conas mar a bhaileofar iad?**

Gabhfar íomhánna sonraí trí cheamaraí CCTV (féach aguisín 1) agus déanfar iad a stóráil ar thaifeadóir DVD

**Cén bunús dlí atá againn do Shonraí Pearsanta a phróiseáil?**

Is mar seo a leanas an bunús dlí atá ag Comhairle Chontae na Gaillimhe Sonraí Pearsanta a bhailítear ó cheamaraí CCTV ag Calafort Chill Rónáin:

- Airteagal 6.1(c) – Is gá an phróiseáil a dhéanamh chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh, eadhon
    - An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005
    - An Cód Idirnáisiúnta um Shlándáil Long agus Saoráid Chalafoirt (Cód ISPS)
    - An tAcht um Dhliteanas Áitritheoirí, 1995

**Cé leis a roinnfear do Shonraí Pearsanta?**

D'fhéadfaimis do shonraí pearsanta a roinnt go hinmheánach le rannóga ábhartha d'fhonn an bunús dlí thuasluaite a chomhlíonadh.

Nuair atá socruithe ar bun againn chun do shonraí pearsanta a roinnt, bíonn conradh, meabhrán tuisceana nó comhaontú maidir le faisnéis a roinnt i bhfeidhm lena chinntiú go mbaintear amach ceanglais na reachtaíochta Cosaint Sonraí i ndáil le faisnéis phearsanta a láimhseáil. Nuair a éilítear orainn faoin dlí faisnéis a nochtadh, chun críocha cosanta mar shampla, d'fhéadfaimis an méid sin a dhéanamh gan na socruithe sin i bhfeidhm.

Fostaímid próiseálaithe tríú páirtí (Coleman Electronics) a dhéanann an fhaisnéis ar fad thuasluaite, nó cuid den fhaisnéis sin, a láimhseáil faoinár dtreoir, agus lena bhfuil Comhaontú Cosanta Sonraí i bhfeidhm.

Glacfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe céimeanna lena chinntiú go bhfuil nochtadh sonraí pearsanta ar bith a dhéantar riachtanach agus comhréireach, de réir mar a éilítear faoin dlí. Nuair a dhéanaimid do shonraí pearsanta a roinnt, déanfar na roghanna atá ann i ndáil lena roinnt a mheas lena chinntiú go roinntear do shonraí ar an mbealach is sábháilte.

**Conas mar a chosnóimid do Shonraí Pearsanta?**

Stórálfar aon sonraí a bhaileoimid uait faoi rún agus go slán mar a éilíonn Ráiteas Príobháideachta agus Beartas Cosanta Sonraí Chomhairle Contae na Gaillimhe. Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe dúthrachtach a chinntiú go ndéantar gach rochtain, úsáid, agus próiseáil i ndáil le sonraí Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar bhealach sábháilte.

Nuair a stórálaimid do chuid sonraí pearsanta ar ár gcórais stórálfar na sonraí in áitreabh Chomhairle Chontae na Gaillimhe nó ar ardáin TF slán taobh istigh den Limistéar Eacnamaíoch Eorpach atá faoi réir riachtanais Eorpacha um chosaint sonraí freisin.

**Cá fhad a choinneoimid do Shonraí Pearsanta?**

Gabhann Comhairle Chontae na Gaillimhe uirthi féin do chuid sonraí pearsanta a choinneáil tráth nach faide ná an dáta a forscríobhtar go huathoibríoch iad (c.28 lá) seachas sa chás go bhfuil siad ag teastáil do chaingean dlí nó de réir mar a éilítear faoi reachtaíocht (féach Polasaí CCTV CCG ag https://www.galway.ie/en/services/yourcouncil/dataprotection/cctv/ chun tuilleadh eolais a fháil).

**Céard iad do chearta?**

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin mbealach a bpróiseálann Comhairle Chontae na Gaillimhe Sonraí Pearsanta agus faoi do chearta, féach, le do thoil, Ráiteas Príobháideachais agus Beartas Cosanta Sonraí Chomhairle Chontae na Gaillimhe atá le fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle galway.ie.

NÓ

Féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Cosanta Sonraí Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag an uimhir 091 509136 nó ag dpo@galwaycoco.ie

**An Ceart Gearán a Dhéanamh chuig Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí**

Mura bhfuil tú sásta le toradh an fhreagra atá faighte agat ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe i ndáil le d'iarraidh, tá tú i dteideal gearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí agus d'fhéadfadh sé an cás a fhiosrú duit.

Is é www.dataprotection.ie láithreán gréasáin Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí nó is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Oifig ar:

Uimhir Íosghlao: 1890 252 231

Ríomhphost: info@dataprotection.ie

Seoladh Poist: An Coimisinéir Cosanta Sonraí
Teach na Canála

CCTV Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag Calafort Chill Rónáin -

Bóthar an Stáisiúin


Cúil an tSudaire

Co. Laoise R32 AP23

# Aguisín 1


# Suíomhanna na gCeamaraí CCTV ag Calafort Chill Rónáin

**Suíomhanna na gceamaraí CCTV ag Calafort Chill Rónáin**




| | |
|---|---|
| ● | Cuireann suíomh garbh ceamara in iúl |
| ← | Cuireann treo garbh an cheamara in iúl |
| **N** | Cuireann uimhir ceamara CCTV in iúl |

# Suíomhanna na gceamaraí CCTV ag Calafort Chill Rónáin (ceamaraí 1, 2, 3, 7 & 8)




Cuireann suíomh garbh ceamara in iúl

Cuireann treo garbh an cheamara in iúl

**N** Cuireann uimhir ceamara CCTV in iúl